# Níos mó Geochlár

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 3T<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, cearnóg, dronuilleog, ciorcal, línte, díreach, cuar, cuartha, taobh, geochlár, banda, eitilt, snámh, coirnéal, pointe |
| **Áiseanna** | geochláir, bandaí rubair, páipéar poncaithe, Uirlis Gheochláir Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**

   Iarrtar ar na daltaí pé cruth is mian leo a dhéanamh ag úsáid geochlár/Uirlis Gheochláir Mol Mata. Pléann an múinteoir na cruthanna a rinne na daltaí agus airíonna na gcruthanna.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Tugann an múinteoir dúshlán do na daltaí cruth de rud gur féidir snámh nó eitilt a dhéanamh. Iarrtar ar na daltaí a gcruth a thaifeadadh ag úsáid na hUirlise Geochláir Mol Mata/páipéar poncaithe. (Crosóg mhara, deilfeanna, iasc, míol mór, feithidí, eitleoga, roicéid, éin, eitleáin srl.).

3. **Gníomhaíocht 3**

   Déanann na daltaí 'Taispeáin is Inis' dá saothar. Spreag na daltaí chun cruthanna agus airíonna a saothar a phlé (cearnóga, triantáin, dronuilleoga, ciorcail, pointí, coirnéil, sleasa, díreach, cuartha, téigh le chéile).

4. **Gníomhaíocht 4**

   I mbeirteanna, úsáideann dalta amháin cruthanna ar gheochlár le haghaidh a shaothair. Ansin, gan é a thaispeáint dá chomhscoláire, iarrann sé ar an dalta eile cruthanna a úsáid chun airíonna difriúla na haghaidhe a dhéanamh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• Cé mhéad triantán/cearnóg/dronuilleog a rinne tú?<br>• Cé mhéad banda a d'úsáid tú chun gach cruth a dhéanamh?<br>• Cad iad na cruthanna atá deacair a dhéanamh? | • An féidir leat a mhíniú cén fáth ar roghnaigh tú na cruthanna sin chun an pictiúr a dhéanamh?<br>• Dá mbeadh ort pictiúr nua de x a dhéanamh, cad a d'athrófá?<br>• An féidir leat rudaí eile atá ábalta snámh/ eitilt a dhéanamh ag úsáid na ndathanna céanna?<br>• Conas atá na cruthanna úsáidte i do phictiúr cosúil/difriúil lena chéile?<br>• Má bhí x déanta agat cheana féin, an bhfuil teaglaim eile de chruthanna is féidir leat a úsáid chun x eile a dhéanamh?<br>• Conas is féidir leat na pictiúir ar fad a rinne an rang a ghrúpáil? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Spreag na daltaí le smaointe/samplaí más gá.